



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Leitís a Fhás ar Scoil





Tráth na Bliana

Márta, Aibreán, Bealtaine

Aidhm

Chun taispeáint do pháistí conas leitís a fhás agus a bhaint.

Acmhainní de dhíth

Síolta orgánacha de cheann ime, cos, ceann briosc (trí chineál ceann), cineálacha duilleoga scaoilte, liáin, rialóir, tráidirí modúlacha, múirín saor ó mhóin, canna uisce, lipéid.

Ábharthacht Thraschuraclaim

OSIE: Dúile beo, ag iniúchadh / ag déanamh taighde, ag taifeadadh, ag breathnú
Mata: Foghlaim ghníomhach a thomhas, a thaifeadadh
Litearthacht: Focail nua, scríobh, litriú
Ealaín: Comharthaí, grianghraif a dhéanamh
Curacclam Neamhfhoirmiúil: Food Dudes, Bia Sláintiúil, Discover Primary Science



Ag cur

Cuir na síolta i dtráidirí modúlacha de mhúirín saor ó mhóin taobh istigh ar leac fuinneoige i mí an Mhárta ag leanúint na teoracha seo a leanas ar an bpaicéad. Cuir síol amháin in aghaidh an mhodúil le haghaidh leitís cinn; le gearradh agus teacht arís leitís, cuir thart ar 5 síol in aghaidh an mhodúil. Cuir lipéad ar gach tráidire. Ná clúdaigh na síolta mar go dteastaíonn solas ó shíolta mar leitís chun péacadh. Éilíonn leitís coinníollacha fionnuara chun péacadh. Is teocht idéalach é 18 °C. Ní phéacfaidh siad ag teocht os cionn 25 °C.



Iarchúram

Déan na síológa a chruasú roimh chur lasmuigh i mboscaí fuinneoige nó i leapacha ardaithe de réir na spásanna atá molta ar an bpaicéad. (Ba chóir go mbeadh an ithir sa leaba saibhrithe le haoileach atá lofa go maith nó múirín gairdín san fhómhar). Cuir leis na duilleoga síl díreach os cionn leibhéil na talún ach gan teagmháil leis an ithir. Coinnigh an múirín tais go háirithe má tá an aimsir te. Bí ag faire amach don damáiste drúchtín agus seilide agus bain úsáid as bacanna orgánacha.



Buainteoireacht

Is féidir cineálacha duilleoige scaoilte mar 'Lolla Rossa' agus 'Babhla Sailéid' a bhaint trí ghearradh a dhéanamh ar na duilleoga thart ar 5cm os cionn na talún. Tiocfaidh duilleoga nua chun cinn. Leitísí a fhásann ina gcinn ar nós 'Little Gem' (Cosleitís) agus 'Tom Thumb' (Leitís Ceann Ime) a bhaint nuair a bhíonn croí maith le feiceáil. Gearr na gais in aice leis an mbonn.

Sláinte agus Sábháilteacht

- ★ Nigh na lámha tar éis cur agus plandáil.
- ★ Nigh na duilleoga go maith roimh ithe.
- ★ Ba chóir cúram a ghlacadh nuair a a bhíonn na duilleoga leitís á ghearradh

